Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16987/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0464(NLE)**

**ACP 133**
**COAFR 450**
**COLAC 174**
**COASI 223**
**WTO 201**
**RELEX 1506**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 791 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 791 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 791 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2023
COM(2023) 791 final

2023/0464 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach (an tAontas) agus a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin. Tugadh 'Grúpa Stát ACC' (ACC) ar an ngrúpa roimhe seo, ach rinneadh eagraíocht nua de i mí Aibreáin 2020, is é sin Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), eagraíocht idirnáisiúnta.

Ó bhí 2000 ann, is é Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou an creat a threoraigh an caidreamh idir an tAontas agus na 79 dtír ACC. Tá sé bunaithe ar an idirphlé polaitiúil, agus ar an gcomhar eacnamaíoch, trádála agus forbartha. Athbhreithníodh an Comhaontú in 2005 agus in 2010, agus chuaigh sé in éag ag deireadh mhí Feabhra 2020. Mar sin féin, ós rud é go raibh níos mó ama ag teastáil ó na comhpháirtithe chun comharba an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) a chaibidliú agus ón Aontas chun a phróiseas inmheánach a thabhairt chun críche chun síniú an Chomhaontaithe a fhormheas, cuireadh síneadh idirthréimhseacha le cur i bhfeidhm Chomhaontú Cotonou cúig huaire: i dtosach báire agus suas go dtí an 31 Nollaig 2020, agus ina dhiaidh sin go dtí an 30 Samhain 2021, an 30 Meitheamh 2022, an 30 Meitheamh 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2023. Shínigh an tAontas agus a Bhallstáit agus comhaltaí ESACC an Comhaontú an 15 Samhain 2023[1]. De bhun Airteagal 98(4) den Chomhaontú, cuirfear tús lena chur i bhfeidhm sealadach ar an gcéad lá den dara mí tar éis an tsínithe. Chun folús dlíthiúil sa chaidreamh idir an tAontas agus ACC a sheachaint, beidh an Comhaontú atá ann faoi láthair faoi réir a shíneadh a athnuachan go dtí an 31 Nollaig 2023.

Tá comhaontú nuachóirithe ag teastáil go géar chun an caidreamh AE-ACC a fheabhsú ionas go mbeidh sé ag freagairt don uaillmhian nua a thagann as na riachtanais agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn. Tá an domhan níos idirnasctha ná riamh agus tá athrú mór tagtha ar an domhan dá réir sin ó glacadh Comhaontú Cotonou an chéad uair, agus is é a dhála sin é don Aontas Eorpach, a chomhpháirtithe agus a mianta comhpháirteacha.

Maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, agus maidir leis na forálacha den Chomhaontú sin a thagann faoi inniúlacht an Aontais, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú nua i mí Mheán Fómhair 2018 go gairid i ndiaidh don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún agus don Ardionadaí tús a chur le caibidlíocht maidir leis na forálacha sin agus an chaibidlíocht sin a dhéanamh agus tar éis di treoracha caibidlíochta a ghlacadh i mí an Mheithimh 2018. Le linn na caibidlíochta, cuireadh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta. Chuathas i gcomhairle leis an gcoiste speisialta arna bhunú leis an gcinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht agus rinneadh sin ar feadh na caibidlíochta. Chuir na Príomh-Idirbheartaithe inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe an 15 Aibreán 2021, cé is moite den sainmhíniú ar na páirtithe sa Chomhaontú.

Is é is aidhm ghinearálta don Chomhaontú comhpháirtíocht pholaitiúil uaillmhianach agus neartaithe a bhunú, chun dinimic nua a thabhairt agus dul níos faide ná an comhar traidisiúnta um fhorbairt. Faoin gComhaontú, beidh cumhacht ag gach réigiún. Fágfaidh sé sin gur féidir

[1] De réir Rialachán 2015/2264 maidir le deireadh a chur de réir a chéile leis an maolú don Ghaeilge, ní dhéanfar comhaontuithe idirnáisiúnta a aistriú go Gaeilge ach amháin ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh.

leis an Aontas agus le comhaltaí den ESACC spriocanna níos uaillmhianaí a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha atá ag an gComhaontú:

1. cearta an duine, prionsabail an daonlathais, an smacht reachta agus an dea-rialachas a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcomhionannas inscne;
2. stáit agus sochaithe síochánta athléimneacha a fhorbairt, dul i ngleic le bagairtí leanúnacha agus le bagairtí atá ag teacht chun cinn ar an tsíocháin agus ar an tslándáil;
3. forbairt dhaonna agus shóisialta a chothú, agus go háirithe deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas chun a áirithiú go mbeidh saol faoi dhínit ag gach duine agus nach bhfágfar aon duine ar lár, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar chailíní;
4. infheistíocht a shlógadh, tacaíocht a thabhairt don trádáil agus forbairt na hearnála príobháidí a chothú, d’fhonn fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach agus poist chuibhiúla a chruthú do chách;
5. an t-athrú aeráide a chomhrac, an comhshaol a chaomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha a áirithiú; agus
6. cur chuige cuimsitheach agus cothrom maidir leis an imirce a chur chun feidhme, d’fhonn tairbhe a bhaint as an imirce agus as an tsoghluaisteacht atá sábháilte, ordúil agus rialta, srian a chur ar an imirce neamhrialta agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce sin, agus an méid sin a dhéanamh le lánurraim don dlí idirnáisiúnta agus i gcomhréir le hinniúlachtaí na bPáirtithe faoi seach.

Measann an Coimisiún gur baineadh amach na cuspóirí a leag an Chomhairle amach sna treoracha caibidlíochta a thug sí agus go bhfuil an téacs a caibidlíodh inghlactha ag an Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta cuimsitheacha a ghlac an Chomhairle i mí an Mheithimh 2018[2] ar mholadh ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus na tíortha Ghrúpa na Stát san

---

[2] Leis na treoracha caibidlíochta, cuirtear le meastóireachtaí, measúnú tionchair, teachtaireacht agus moladh a rinneadh roimhe:

- o Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus na tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin. COM (2017) 763 final.
- o TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE. Comhpháirtíocht athnuaite le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin. JOIN (2016) 52 final.
- o DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE COMHPHÁIRTEACH. Meastóireacht ar Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou. SWD (2016) 250 final.
- o DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE COMHPHÁIRTEACH – MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Comhpháirtíocht athnuaite le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin. SWD (2016) 380 final. JOIN (2016) 52 final. SWD (2016) 381 final.
- o PÁIPÉAR COMHAIRLIÚCHÁIN COMHPHÁIRTEACH I dtreo comhpháirtíocht nua idir an tAontas Eorpach agus tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin tar éis 2020. JOIN (2015) 33 final.

Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, treoracha atá ina bhforbairt ar mheastóireacht, measúnú tionchair agus teachtaireacht a rinneadh roimhe. Cuireadh san áireamh sna doiciméid treorach sin go léir beartais agus straitéisí ábhartha an Aontais sna réimsí éagsúla lena mbaineann, chomh maith le beartais agus straitéisí chomhpháirtithe an Aontais lena n-áirítear Clár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh, Straitéis Chomhpháirteach AE-an Afraic 2007, Comhstraitéis Comhpháirtíochta AE-an Chairib 2012 agus Straitéis 2006 um Chomhpháirtíocht Neartaithe le hOileáin an Aigéin Chiúin.

Tá an chomhpháirtíocht nua ina fhorbairt ar roinnt caighdeán agus spriocanna a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Tá Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (SDGanna), agus Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, i gcroílár an Chomhaontaithe agus na ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh na comhpháirtithe amach anseo.

Go sonrach, ar an leibhéal téamach, tá an Comhaontú ailínithe go hiomlán leis na beartais atá ag an Aontas faoi láthair:

- I gcomhréir leis an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh[3], leis an gComhaontú rannchuideofar le sochaithe cuimsitheacha, síochánta athléimneacha a thógáil. Cothaítear leis cur chuige cuimsitheach agus comhtháite maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna agus tá sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leo mar aon le bagairtí slándála nua nó bagairtí slándála atá ag leathnú, amhail an sceimhlitheoireacht, maoiniú na sceimhlitheoireachta agus antoisceachas foréigneach, mar shampla, gan ach cuid acu a lua. Beidh idirphlé na comhpháirtíochta ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí sna réimsí sin a dhoimhniú a thuilleadh, agus ar bhonn níos leithne, i ngach réimse a chumhdaítear leis an gcomhpháirtíocht. Trí chomhar polaitiúil breise a chothú, athdhearbhaítear leis an gComhaontú a thábhachtaí atá sé comhoibriú i bhfóraim idirnáisiúnta, ach chomh maith leis sin, a thábhachtaí atá sé comhghuaillíocht a thógáil ar an ardán domhanda chun córas iltaobhach éifeachtach a bhaint amach.
- I gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt[4], áirítear sa Chomhaontú gealltanais chuimsitheacha arna spreagadh ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, agus a rannchuideoidh le baint amach na Spriocanna sin. I gcur chuige an Chomhaontaithe, cur chuige atá dírithe ar an bpobal, áirítear gnéithe éagsúla idirnasctha na forbartha inbhuanaithe, bíodh siad ina ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil nó slándála. Comhlánaíonn na gnéithe tábhachtacha sin ar fad a chéile, mar aon le gnéithe cothrománacha eile, amhail an óige, an comhionannas inscne, an dea-rialachas agus cearta an duine, agus tugadh tábhacht ar leith dóibh. Oibreoidh na comhpháirtithe i gcomhar le chéile chun an pláinéad a chaomhnú, chun bochtaineacht de gach cineál a dhíothú, chun dul i ngleic le neamhionannais agus chun an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn.
- I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5], agus le beartais chomhshaoil an Aontais, aithnítear sa Chomhaontú gur gá gníomhú go práinneach ar leibhéil éagsúla chun inbhuanaitheacht an phláinéid a áirithiú agus chun dul i ngleic leis an mbagairt thromchúiseach atá san athrú aeráide, i ndíghrádú an chomhshaoil agus in úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha. Tá sé d'aidhm ag na comhpháirtithe an

3 An Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh
4 An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt
5 An Comhaontú Glas don Eoraip

fhreagairt dhomhanda don athrú aeráide a neartú, an athléimneacht a fhorbairt agus ról tábhachtach a imirt chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, comhaontú a bheidh ina chreat uileghabhálach lena dtreorófar an chomhpháirtíocht.

- I gcomhréir leis an gComhaontú nua maidir le hImirce agus Tearmann[6], agus le beartas imirce an Aontais, glactar, sa Chomhaontú, cur chuige cuimsitheach cothrom, lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe idirnasctha éagsúla na himirce dleathaí agus na himirce neamhrialta araon ar bhealach comhleanúnach chun an imirce agus an tsoghluaisteacht dhea-bhainistithe a chothú.

- Tá an togra lán-chomhsheasmhach freisin le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais a bhaineann leis na tosaíochtaí a leagtar síos, amhail an fuinneamh, an t-oideachas, an comhionannas inscne, fostaíocht, taighde agus an nuálaíocht agus an trádáil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) a léitear i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 218(8) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an bunús dlí le haghaidh thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Agus a cinneadh á ghlacadh ag an gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC), rinne sí an teideal agus Airteagal 1 den chinneadh a moladh a oiriúnú chun go gcinnfear an Comhaontú Comhpháirtíochta mar chomhaontú 'measctha'[7]. Ina theannta sin, ghlac Ionadaithe Rialtais na mBallstát, agus iad ag teacht le chéile i dtionól na Comhairle, cinneadh idir-rialtasach ar leithligh lena n-údaraítear don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta thar a gceann maidir le forálacha den chur i bhfeidhm sealadach a thagann faoi inniúlacht na mBallstát[8]. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 15 Aibreán 2021, cé is moite de shainmhíniú na bpáirtithe. An 11 Meitheamh 2021 rinne an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta mar Chomhaontú de chuid an Aontais Eorpaigh amháin. An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach Chomhaontú Comhpháirtíochta mar chomhaontú measctha[9]. Tar éis an chinnidh ón gComhairle, agus ionas nach gcuirfear moill ar an tabhairt i gcrích ón Aontas sa Chomhairle, chinn an Coimisiún agus an tArdionadaí an dréacht-togra le haghaidh chur i gcrích an Chomhaontaithe atá i gceangal leis seo a thíolacadh mar chomhaontú measctha.

---

6 An Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann

7 Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht maidir leis na forálacha de Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt , agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, ar forálacha iad a thagann faoi inniúlacht an Aontais, agus an chaibidlíocht sin a dhéanamh thar ceann an Aontais, ST 9426 2018 INIT.

8 Cinneadh ó ionadaithe rialtais na mBallstát, agus iad ag teacht le chéile i dtionól na Comhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann na mBallstát, maidir leis na forálacha a thagann faoi réim inniúlachtaí na mBallstát, de Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéin Ciúin, den pháirt eile, ST 9426 2018 INIT.

9 Cinneadh [mar a leagtar amach i ndoiciméad 8371/23 DCL 1 ón gComhairle] ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile.

- **Comhréireacht**

Leis an tionscnamh seo saothraítear go díreach cuspóir an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Tá sé i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh chun dul i gcaidreamh le dreamanna eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, d'fhonn tosaíochtaí seachtracha an Aontais a bhaint amach. Leis an togra, neartaítear an comhar leis na réigiúin faoi seach, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos saincheaptha a bheith ann agus go dtacaítear le straitéis chuimsitheach an Aontais leis an Afraic. Rud eile de, leis an gComhaontú atá beartaithe déantar idirghníomhaíochtaí idir na leibhéil éagsúla rialachais a éascú.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcomhar seanbhunaithe, bhí sé tábhachtach don Aontas agus dá chomhpháirtithe iad a chur san áireamh. Mar chuid den ullmhúchán beartais le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta nua le stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, rinneadh roinnt meastóireachtaí agus comhairliúchán sonrach roimh an gcaibidlíocht, agus lena linn, chun tuairimí an phobail, na bpáirtithe leasmhara agus na gcomhpháirtithe a lorg agus freisin chun teacht ar chonclúidí maidir leis an gcomhar AE-ACC a rinneadh leis na deicheanna de bhlianta anuas. Is féidir iad sin a chur le chéile in dhá chatagóir:

- Meastóireacht ar Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou (CCC)
- Comhairliúcháin phoiblí

Cuireadh na conclúidí gaolmhara agus na torthaí san áireamh agus léirítear iad sa Chomhaontú atá beartaithe.

- **Measúnú tionchair**

In 2016 foilsíodh measúnú tionchair (SWD (2016) 0380 final) in éineacht le Teachtaireacht faoi chaidreamh an Aontais le tíortha ACC a bheidh ann amach anseo (JOIN 2016 (52) final), a bhí mar bhonn leis an moladh ón gCoimisiún ina dhiaidh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíochta agus treoracha caibidlíochta ón gComhairle. Bhí sé d'aidhm aige a chinneadh cén cineál formáide ba ghá chun an caidreamh le comhpháirtithe san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin a eagrú agus a rialú ar an mbealach is fearr. Sainaithníodh sa mheasúnú tionchair roghanna éagsúla agus an bealach is fearr chun cinn, a roghnaíodh sa deireadh, agus a bhfuil achoimre air mar a leanas: '*Is é an rogha is fearr don Aontas comhpháirtíocht nua a bhunú idir an tAontas agus na tíortha ACC, i bhfoirm comhaontú uileghabhálach lena gcuimseofaí 'sraith mhullaigh' ina n-áireofaí luachanna, prionsabail agus leasanna coiteanna agus ina sainaithneofaí prionsabail ghinearálta agus deiseanna le haghaidh comhar ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar aon le*

*comhpháirtíocht lena leagfaí síos tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí réigiúnsonracha le cur chun feidhme san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.*'

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ceann de chuspóirí an Chomhaontaithe is ea cur chun cinn agus caomhnú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, mar aon leis an daonlathas, an smacht reachta agus an dea-rialachas. Is gné thábhachtach é sin i bhfianaise an athraithe atá ag teacht ar an saol idirnáisiúnta agus na dtíortha cumhachtacha atá ag teacht chun cinn, agus i bhfianaise na héagsúlachta is féidir a bheith ina measc sin i dtaca le luachanna agus prionsabail. I gcomhréir le cur chuige coiteann an Aontais maidir le clásail pholaitiúla a úsáid, i gcásanna ina sáraítear eilimintí ríthábhachtacha an Chomhaontaithe, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin struchtúrtha chórasacha. I gcás nach mbeidh siad in ann teacht ar réiteach inghlactha go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a thugann fógra bearta iomchuí a ghlacadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon phrótacal airgeadais sa Chomhaontú. Geallann an tAontas go gcuirfidh sé an leibhéal iomchuí acmhainní airgeadais ar fáil i gcomhréir lena rialacháin inmheánacha agus lena nósanna imeachta inmheánacha.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe trí idirphlé comhpháirtíochta rialta – féach Cuid Ghinearálta, Cuid I, Airteagal 3(1). Tá forálacha sonracha sna Prótacail Réigiúnacha maidir le cur chun feidhme agus faireachán – féach Prótacal Réigiúnach na hAfraice, Cuid I, Airteagal 6; Prótacal Réigiúnach Mhuir Chairib, Cuid I, Airteagal 8 agus Prótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin, Cuid I, Airteagal 8.

Déanfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC maoirseacht ar chur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an Chomhaontaithe agus glacfaidh sí treoirlínte beartais agus glacfaidh sí cinntí chun éifeacht a thabhairt do na gnéithe sonracha is gá chun forálacha an Chomhaontaithe a chur chun feidhme – féach Cuid Ghinearálta, Cuid V, Airteagal 88.

- **Míniú mionsonraithe ar thoradh na caibidlíochta**

Leis an gComhaontú bunaítear comhpháirtíocht pholaitiúil uaillmhianach neartaithe idir an tAontas agus comhaltaí de ESACC, agus is é is cuspóir dó torthaí a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh a bhaint amach maidir le leasanna coiteanna. Beidh sé i bhfoirm comhaontú comhlachais agus tabharfar i gcrích é le haghaidh tréimhse fiche bliain.

Ar bhonn níos straitéisí, leathnaítear raon feidhme agus scála chomhar na gcomhpháirtithe leis an gComhaontú, agus tá sé d'aidhm uileghabhálach aige sochaithe níos láidre a thógáil. Éacht polaitiúil is ea an chomhpháirtíocht athnuaite seo agus is cor cinniúnach í. Leis an gComhpháirtíocht nua cuirtear dinimic nua chun cinn agus déantar caidreamh na gcomhpháirtithe a nuachóiriú chun dul i ngleic leis na dúshláin is práinní atá os comhair gach réigiúin go sonrach. Tá an comhaontú seo ag teacht leis na comhthéacsanna réigiúnacha agus

domhanda, ach tá sé ag teacht freisin leis na dlíthe, leis na caighdeáin agus leis na forbairtí is déanaí a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, agus, níos tábhachtaí fós, le riachtanais na bpobal lena mbaineann an Comhaontú.

Leis an gComhaontú cruthaítear creat comhleanúnach le tíortha comhpháirtíochta ar gach leibhéal polaitiúil, bíodh sé ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó fo-réigiúnach nó ar leibhéal comhpháirtíochta lena ngabhann gné dhomhanda. Tacaítear sa Chomhaontú le hiltaobhachas éifeachtach agus leagtar amach an bealach le haghaidh gníomhaíochtaí níos polaitiúla agus níos comhordaithe ar an leibhéal domhanda lenar féidir tionchar mór a bheith ag an gcomhpháirtíocht.

**<u>Struchtúr nuálach '1 + 3'</u>**

Neartaíodh an caidreamh idir an tAontas agus comhaltaí ESACC ach, thairis sin, rinneadh é a ollchóiriú chun go mbeadh sé in oiriúint don fheidhm, agus ar an dóigh sin suíodh an mol gníomhaíochta go lárnach idir na trí réigiún. Dá réir sin, is é atá sa Chomhaontú anois:

1. **Cuid Ghinearálta** (an Bhunsraith) is coiteann do gach sínitheoir agus ina bhfuil an méid seo a leanas:

Cuid I - **Forálacha ginearálta**, ina gcuirtear na cuspóirí ginearálta agus na prionsabail ghinearálta i láthair.

Cuid II - **Tosaíochtaí straitéiseacha**, arna roinnt i sé cinn de phríomhtheidil:

- Teideal I - Cearta an duine, an daonlathas, an rialachas i sochaithe atá dírithe ar an bpobal agus cearta-bhunaithe
- Teideal II - Síocháin agus slándáil
- Teideal III - Forbairt dhaonna agus shóisialta
- Teideal IV - Forbairt agus fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus ionchuimsitheach
- Teideal V - Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an t-athrú aeráide
- Teideal VI - Imirce agus soghluaisteacht

Cuid III - **Comhghuaillíochtaí domhanda agus comhar idirnáisiúnta**, ina sonraítear na huaillmhianta polaitiúla nua ar an leibhéal domhanda.

Cuid IV - **Modhanna comhair agus cur chun feidhme**, ina dtugtar tuairisc ar na hacmhainní éagsúlaithe atá dírithe ar chuspóirí na comhpháirtíochta a bhaint amach.

Cuid V - **Creat institiúideach**, ina mínítear na socruithe éagsúla agus na comhpháirtithe éagsúla lena mbaineann.

Cuid VI — **Forálacha críochnaitheacha**, lena dtugtar sonraí maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Iarscríbhinn I: Próisis um fhilleadh agus um athligean isteach.

Iarscríbhinn II: Oibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

Bunaítear leis an gComhaontú an creat institiúideach lena rialófar an Comhaontú Comhpháirtíochta, ar leibhéal na Bunsraithe agus ar an leibhéal réigiúnach araon. Go sonrach, maidir leis an gCuid Ghinearálta sin den Chomhaontú (an Bhunsraith), a bhfuil feidhm aici maidir leis na sínitheoirí uile, déanfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC, (a bhfuil coinne leis go mbeidh cruinniú aici gach 3 bliana) an Chuid sin a bhainistiú agus tacaíocht á fáil aici ó

Choiste Ambasadóirí, Cruinnithe Mullaigh AE-ESACC a d'fhéadfadh a bheith ann (ach comhaontú comhpháirteach a bheith ann maidir lena n-eagrú) agus Comhthionól Parlaiminteach AE-ESACC (Comhthionól Parlaiminteach - a thiocfaidh le chéile gach bliain agus a bhfuil a chomhaltaí ina gcomhaltaí de na trí chomhthionól pharlaiminteacha réigiúnacha freisin).

2. Déantar foráil maidir le **trí Phrótacal Réigiúnacha** idir na tíortha i ngach réigiún agus san Aontas Eorpach faoi seach. Tá gach prótacal saincheaptha do riachtanais agus dinimic na réigiún agus, dá bhrí sin, tá siad oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá rompu. De réir na loighce sin, beidh leagan amach institiúideach dá chuid féin ag gach réigiún chun an prótacal i gceist a stiúradh. Áirítear ann cruinniú de Chomhairle na nAirí ag eatramh ama arna chomhaontú ag na Páirtithe, Coiste Ambasadóirí, an fhéidearthacht cruinniú a bheith ann ar leibhéal na gCeannairí Stáit/Rialtais, agus Comhthionól Parlaiminteach:

**A. Prótacal Réigiúnach na hAfraice**

Tá a chuid tosaíochtaí saincheaptha féin aige, a mhionshonraítear go sonrach de réir riachtanais an réigiúin:

- Forbairt agus fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach
- Forbairt an duine agus forbairt shóisialta
- An comhshaol, bainistiú acmhainní nádúrtha agus an t-athrú aeráide
- An tsíocháin agus an tslándáil
- Cearta an duine, an daonlathas agus an rialachas
- An imirce agus an tsoghluaisteacht

Agus rialachas sonrach:

Comhairle na nAirí AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Afraic; Tionól Parlaiminteach AE-an Afraic.

Cuirfear Prótacal na hAfraice chun feidhme i gcomhleanúnachas agus i gcomhlántacht leis an gcomhpháirtíocht idir-ilchríochach, agus treoraíocht straitéiseach agus pholaitiúil na gCruinnithe Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach á cur san áireamh. Spreagtar idirphlé agus comhar leis maidir le saincheisteanna trasréigiúnacha agus ilchríochacha le tíortha na hAfraice nach bhfuil ina bpáirtithe sa Chomhaontú, le pobail eacnamaíocha réigiúnacha agus le gníomhaithe ábhartha eile.

**B. Prótacal Réigiúnach Mhuir Chairib**

Tá a chuid tosaíochtaí saincheaptha féin aige, a mhionshonraítear go sonrach de réir riachtanais an réigiúin:

- Forbairt agus fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach
- Inbhuanaitheacht comhshaoil, an t-athrú aeráide agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha
- Cearta an duine, rialachas, an tsíocháin an tslándáil
- Forbairt dhaonna agus comhtháthú sóisialta

Agus rialachas sonrach:

Comhairle na nAirí AE-an Chairib, Coiste Comhpháirteach AE-an Chairib, Tionól Parlaiminteach AE-an Chairib.

**C. Prótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin**

Tá a chuid tosaíochtaí saincheaptha féin aige, a mhionshonraítear go sonrach de réir riachtanais an réigiúin:

- Inbhuanaitheacht comhshaoil agus an t-athrú aeráide
- Forbairt eacnamaíoch agus atá inbhuanaithe agus cuimsitheach
- An t-aigéan, an mhuir agus an t-iascach
- An tslándáil, cearta an duine, an daonlathas agus an rialachas
- Forbairt an duine agus forbairt shóisialta

Agus rialachas sonrach:

Comhairle na nAirí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste Comhpháirteach AE-an tAigéan Ciúin, Tionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin.

**Comhpháirtíocht atá dírithe ar an bpobal**

Téann an Comhaontú níos faide ná an comhaontú a bhí ann roimhe i réimsí éagsúla agus tá ról tábhachtach aige in a lán réimsí.

Rannchuideoidh na comhpháirtithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, agus beidh Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus an Comhaontú Pháras mar chreataí uileghabhálacha lena dtreorófar an chomhpháirtíocht.

Leis an gComhaontú táthar ag féachaint le deiseanna eacnamaíochta nua a chruthú do chách. Tugtar aird ar leith ar an bhfás inbhuanaithe cuimsitheach agus ar chruthú post. Go sonrach, beidh sé ríthábhachtach infheistíocht agus forbairt na hearnála príobháidí a spreagadh chun dlús a chur leis an bhforbairt inbhuanaithe agus rannchuideoidh an eolaíocht, an teicneolaíocht, an taighde, an nuálaíocht agus an t-aistriú digiteach go mór leis. Chomh maith leis sin, cuirfear feabhas ar an gcomhar eacnamaíoch agus trádála, éascófar an trádáil dhéthaobhach agus sreabha infheistíochta, laghdófar bacainní teicniúla ar an trádáil, ar an soláthar rialtais agus tabharfar cosaint do mhaoin intleachtúil. Leanfaidh gach comhaontú trádála atá ann cheana, amhail na Comhaontuithe Comhpháirtíochta eacnamaíche (CCE), de bheith i bhfeidhm. Leis an gcomhar i measc na gcomhpháirtithe, rannchuideofar le hardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus saothair a chaomhnú.

Tá dlúthbhaint aige sin le fócas athnuaite ar an athrú aeráide agus ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil i roinnt réimsí. Aithníonn na comhpháirtithe an phráinn a bhaineann le gníomhú agus go bhfuil bagairt thromchúiseach ar an athrú aeráide agus ar an díghrádú nádúrtha do bhaint amach na forbartha inbhuanaithe, agus thoiligh siad le gealltanais a thabhairt – gealltanais a bhaineann le mórán réimsí – an pláinéad, a éiceachórais agus a aigéin a chaomhnú agus a chosaint. I gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, neartófar an fhreagairt dhomhanda don athrú aeráide. Déanfar iarrachtaí comhpháirteacha i dtaca le haghaidh a thabhairt ar an oiriúnú agus ar an maolú agus i dtaca le dul i ngleic le tubaistí nádúrtha ar bhealach níos fearr. Is cuid é sin de chur chuige domhanda, neamhdhíobhálach don chomhshaol, lena gcuirtear chun cinn forbairt inbhuanaithe geilleagair ghoirm agus lena dtacaítear leis an aistriú chuig geilleagair níos glaise (geilleagair íseal-astaíochtaí/tíosach ar acmhainní).

Tá an comhar idir an tAontas agus comhaltaí ESACC fréamhaithe freisin i sraith choiteann luachanna agus prionsabal uilíoch. An urraim do chearta an duine, don dlí idirnáisiúnta, do phrionsabail an daonlathais agus do na prionsabail a leagtar amach i gCairt na Náisiún Aontaithe, sin é atá ina bhunús leis an gcomhar faoin gComhaontú. Meastar gur príomh-shaincheisteanna iad lena n-áirithítear go mbeidh borradh faoi thosaíochtaí frithpháirteacha eile, go díreach mar atá borradh faoi ghealltanais maidir leis an smacht reachta agus an dea-rialachas, nithe a neartaíodh sa Chomhaontú. Is amhlaidh an cás maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, áit a dtabharfar aghaidh ar bhagairtí nua nó ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, amhail an phíoráideacht agus an gháinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí, ar airm agus ar earraí aindleathacha eile, chomh maith leis an gcibearchoireacht agus bagairtí ar an gcibearshlándáil, ar gnéithe riachtanacha iad de chur chuige comhtháite maidir le coinbhleacht, géarchéimeanna agus na bunchúiseanna leo.

Leis an Comhaontú cothaítear comhar neartaithe, idir chomhar earnálach agus chomhar polaitiúil, lena n-áirítear comhar maidir le saincheisteanna comhleasa a bhaineann leis an mbeartas eachtrach. Áirítear ar na saincheisteanna sin an tsíochánaíocht, an sceimhlitheoireacht, staideanna leochaileachta, pionós an bháis agus forálacha nach bhfacthas a leithéid riamh, ach chomh maith leis sin, forfheidhmiú an dlí, an imirce agus an tsoghluaisteacht. Maidir leis an imirce, tá gealltanais nua ann lena léirítear cur chuige cuimsitheach cothrom, lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe idirnasctha éagsúla na himirce dleathaí agus na himirce neamhrialta araon ar bhealach comhleanúnach. Chun an dea-bhainistiú a chothú i dtaca le himirce agus soghluaisteacht, cuirtear chun cinn leis an gComhaontú comhar neartaithe idir comhpháirtithe, gníomhaireachtaí agus institiúidí ábhartha, agus san am céanna déantar an filleadh agus athligean isteach a fheabhsú, agus iad níos intuartha agus níos in-fhorfheidhmithe. Rachfar i ngleic ar bhealach níos fearr le dúshláin choiteanna, lena n-áirítear na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta, agus le gáinneáil agus smuigleáil imirceach.

Cothaítear forbairt dhaonna agus shóisialta go láidir sa chomhpháirtíocht, agus é de chuspóir aici dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas, gan aon duine a fhágáil ar lár. Faoi mar a moladh sna treoracha caibidlíochta, tugadh gealltanais níos láidre sa Chomhaontú chun an comhionannas inscne, seirbhísí sóisialta, amhail oideachas agus sláinte, agus an chuimsitheacht shóisialta a fheabhsú. Oibreoidh na comhpháirtithe i gcomhar le chéile chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin éagsúla, mar atá an tslándáil bia, fás mear an daonra agus géarchéimeanna sláinte domhanda.

Tá an t-idirphlé i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas agus Stáit ESACC le blianta beaga anuas agus leis an gComhaontú nua neartófar an ghné thábhachtach sin a thuilleadh trí idirphlé comhpháirtíochta rialta, cothrom, cuimsitheach agus substainteach i réimsí uile an Chomhaontaithe seo.

Ina theannta sin, leis an gComhaontú, cothaítear comhar ilpháirtí leasmhara, lena n-aithnítear tábhacht na hóige agus na gcomhpháirtithe éagsúla lena n-áirítear údaráis áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an earnáil phríobháideach, chun todhchaí níos fearr a mhúnlú. Beidh rannpháirtíocht ghníomhach san idirphlé comhpháirtíochta agus sna próisis chomhair ríthábhachtach, agus beidh comhoibriú ríthábhachtach freisin chun an Comhaontú a chur chun feidhme go héifeachtach.

Tá na gnéithe go léir a luaitear thuas idirnasctha agus beidh siad ríthábhachtach i dtaca le caidreamh a fheabhsú. Is é atá i gceist leis sin nach mór do na Prótacail Réigiúnacha, maille lena léirmhíniú agus lena gcur chun feidhme, na forálacha agus na prionsabail atá sa Chuid Ghinearálta den Chomhaontú a urramú i gcónaí.

2023/0464 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) agus (8), an dara fomhír de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [mar a leagtar amach i ndoiciméad 8371/23 DCL 1 ón gComhairle][10] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), ('an Comhaontú'), an 15 Samhain 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta níos déanaí.

(2) Léirítear sa Chomhaontú an dlúthchaidreamh stairiúil idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC) mar aon leis na naisc atá á bhforbairt eatarthu agus atá ag dul i ndlúithe, agus léirítear gur mian leo a gcaidreamh a neartú agus a leathnú a thuilleadh ar bhealach uaillmhianach agus nuálach. Leis an gComhaontú sainítear as an nua an caidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, lena n-áirítear na tosaíochtaí agus na modhanna oibre sna réimsí éagsúla beartais lena mbaineann an Comhaontú.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

[10] Cinneadh [mar a leagtar amach i ndoiciméad 8371/23 DCL 1 ón gComhairle] ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a chumhachtaítear chun an ionstraim formheasa dá bhforáiltear Airteagal 98(2) den Chomhaontú a thaisceadh, thar ceann an Aontais, chun a chur in iúl gur thoiligh an tAontas ar bheith faoi cheangal ag an gComhaontú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha. [11]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

11 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.